

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil Naomh Pádraig
An Chloch Bhreac, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla: 121061**

Dáta na Cigireachta: 2 Deireadh Fómhair 2014



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac i Mí Deireadh Fómhair 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Is bunscóil chomhoideachasúil í Scoil Naomh Pádraig, Contae na Gaillimhe, faoi phátrúnacht an Ard-Easpaig Chaitlicigh Thuama. Tá seisear dalta is fiche ar an rolla faoi láthair. Tá beirt oide sna ranganna príomhshrutha agus oide tacaíocht foghlama lonnaithe sa scoil ar an bhfoireann. Tá oide acmhainne ag obair sa scoil le dalta aonair freisin. Tá tinreamh na ndaltaí go maith ar an iomlán.

Tá an scoil suite sa Ghaeltacht i dtuaisceart na Gaillimhe. Is scoil Ghaeltachta í, cé gurb é an Béarla céad teanga na ndaltaí uile. Leis seo, cruthaítear dúshlán do na hoidí soláthar cuí a chur ar fáil do riachtanais fhoghlama na ndaltaí agus cinnteacht a dhéanamh gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá ag éirí go maith leis an scoil an cultúr Gaelach a chur chun cinn.
- Tá atmaisféar dearfach idir mhúinteoirí agus dhaltaí sa scoil.
- Baintear úsáid éifeachtúil as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.
- Tá bainistíocht agus iompar na ndaltaí ar fud na scoile an-mhaith.
- Tá an cúram a dhéantar le daltaí le riachtanais speisialta le moladh go mór.
- Tá an-mholadh tuillte ag bainistíocht na scoile as ucht caighdeán na cóiríochta sa scoil.

Déantar **na moltaí** seo a leanas:

- Moltar an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga theagaisc agus foghlama.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí pleanála ranga.
- Ba chóir don bhord a chinntiú go ndéantar an freastal cuí ar gach achar churaclam.

Tátail

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá caighdeán na foghlama sásúil ar an iomlán. Sonraítear go mbíonn na daltaí tógtha leis na tascanna foghlama agus léiríonn siad spéis san obair.
- Cé gur scoil Ghaeltachta í seo, ní hí an Ghaeilge an chéad teanga a bhíonn ag na daltaí agus iad ag tosú sa scoil. Léiríonn mórchuid díobh easpa cumais labhartha agus scríbhneoireachta sa teanga. Labhraíonn siad Béarla sna seomraí ranga agus i gclós na scoile. Mar sin, moltar straitéisí a fhorbairt chun na gnéithe seo a fheabhsú go suntasach. Cothaítear an léitheoireacht go cúramach agus léann na daltaí i gcoitinne le cruinneas. Meastar gurb é an dúshlán is mó ag an bhfoireann ná an caighdeán a ardú a thuilleadh amach anseo agus úsáid na Gaeilge mar theanga chaidrimh a chur chun cinn ar bhealach cuspóireach.

- Sroicheadh na daltaí caighdeán maith sa Bhéarla. Ar an iomlán, cláraítear an obair scríofa go slachtmhar ach b'fhiú scéim pheannaireachta a leagan amach ionas go mbeidh gach dalta ábalta script reatha a úsáid.
- Léiríonn na daltaí suim sna ceachtanna Matamaitice agus tá dul chun cinn cuí á bhaint amach acu san ábhar.
- Léiríonn na daltaí meas ar an gcultúr Gaelach. Is inmholta go mbíonn deis acu uirlisí ceoil traidisiúnta a sheinm agus seiteanna difriúla a fhoghlaim.
- Tá dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais go maith ar an iomlán. Glacann siad páirt an-ghníomhach san fhoghlaim agus is léir óna gcuid oibre go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh acu.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Tá Gaeilge álainn ag na hoidí sa scoil. Tá dearcadh dearfach ag muintir na scoile don Ghaeilge agus tuigeann siad an ról lárnach, tábhachtach atá ag an scoil chun an Ghaeilge a chur chun cinn. B'fhiú breis béime a chur ar an gcur chuige cumarsáide agus deiseanna a thabhairt do na daltaí an foclóir agus na frásaí atá ar eolas acu a úsáid a thuilleadh chun a líofacht a fhorbairt. Ní mór an t-aistriú a sheachaint.
- Cothaítear suímh spreagúla foghlama sna seomraí ranga. Tá flúirse áiseanna ar fáil iontu agus tá siad saibhir i bprionta agus in uimhreas. Baintear úsáid éifeachtúil as réimse leathan de mhodhanna múinte. Úsáidtear an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide go héifeachtúil chun suim na ndaltaí a spreagadh sna ceachtanna.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chóras pleanála na n-oidí agus a chinntiú go gcuireann gach oide scéim ghearrthreimhseach ar fáil atá ag teacht le Riail 126 do Scoileanna Náisiúnta.
- I mbliana, cuirtear tús le clár fóineolaíochta struchtúrtha sa Bhéarla le béim ar fhorbairt feasachta fóinéime. Baintear úsáid an-éifeachtach as na leabhair mhóra sna bunranganna. Moltar réimse níos leithne dánta a mhúineadh agus iad a fhoghlaim de ghlan mheabhair.
- Tá teagasc i gcomhthéacsanna oideachais speisialta an-mhaith ar an iomlán. Bíonn caidreamh an-dearfach idir oidí agus dhaltaí. Cuirtear clár luath idirghabhála i bhfeidhm go héifeachtach ag leibhéal rang na naíonán. Cuirtear béim inmholta ar thascanna foghlama éagsúla sna ranganna príomhshrutha chun iad a chur in oiriúint do leibhéal éagsúla chumais na ndaltaí.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Déantar bainistíocht an-chumasach ar na daltaí. Cothaítear deá nósanna iontu agus tá meas ag na daltaí ar na hoidí agus ar a chéile. Is léir óna gceistiúcháin go mbraitheann na daltaí slán sábháilte sa scoil agus go gcaitheann na hoidí go cothrom leo.
- Molann ionadaí na dtuismitheoirí ar an mbord bainistíochta oscailteacht na scoile. Roinntear eolas go rialta le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn a bpáistí. Is inmholta mar a úsáidtear suíomh idirlíon na scoile chun na tuismitheoirí a choimeád ar an eolas faoi eachtraí na scoile. Léiríonn torthaí na gceistneoirí go bhfuil na tuismitheoirí an-sásta le réimse leathan na gcúrsaí scoile; atmaisféar, bainistíocht agus teagasc san áireamh.
- Sonraítear fianaise curtha ar fáil ag an scoil go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbunscoile.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Tá bord bainistíochta bunaithe mar is cóir. Feidhmíonn an bord trí mheán na Gaeilge agus soláthraíonn an baill tacaíocht mhaith don scoil. Moltar don bhord cúig chruinniú ar a laghad a thógáil gach bhliain.
- Tá gá anois athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar curaclam sa scoil. Ní léir go gcloítear leis an méid íos-ama a mholtar do na hachair churaclam uile. Feictear mar shampla, go gcaitear an iomarca ama ar an shnáithaonad, snámh, sa churaclam coirp oideachais. Ba chóir don bhord anois a chinntiú go ndéantar an freastal cúí le gach achar churaclam.
- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta in-scoile go maith. Tá an príomhoide díograiseach i mbun oibre agus déanann sí a dícheall i gcónaí an scoil a chur chun cinn. Tá fíis aici go mbeidh forbairt iomlánaíoch curtha ar fáil do gach dalta agus dearcadh dearfach acu ag fágáil na scoile.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá obair éifeachtach tosaithe ag an scoil ar chúrsaí féinmheastóireachta. Tá athbhreithniú inmholta déanta acu ar chúrsaí Bhéarla sa scoil. Tá na spriocanna atá aitheanta ag an scoil oiriúnach. Tá sé mar aidhm ag an scoil caighdeáin sa Bhéarla a fheabhsú.
- Déanann an scoil measúnú rialta ar cháilíocht na foghlama sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic, le scrúdaithe caighdeánaithe agus teisteanna eile. Déantar anailís chruinn ar na torthaí seo.

Críoch

Tá cumas na scoile chun dul i ngleic le feabhsuithe scoile go maith.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá an bord fíor bhuíoch as ucht an comhairle agus comhoibriú a fuair muid le linn an chigireacht. Tá an bord bainistíochta breá sásta faoin aitheantas agus aiseolas dearfach a fuair an scoil ó thaobh an dea-obair atá ar siúl in san scoil.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tá an bord bainistíochta fíor shásta glacadh leis na moltaí agus cuirfear i bhfeidhm láithreach iad.